
# Ailgéabar: Sloinn agus cothromóidí – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi shloinn agus cothromóidí?

Tá sloinn (frásaí matamaiticiúla nach bhfuil comharthaí 'cothrom le' iontu, mar shampla 5 + 3, x + 4) agus cothromóidí (ráitis a léiríonn coibhneasa idir dhá thaobh de chothromóidí, amhail 6 + 4 = 10, 4x + 2 = 22) ábhartha do gach réimse den mhatamaitic. Tá úsáid siombailí le haghaidh oibríochtaí + (cur le chéile/móide), – (bain/lúide), chomh maith le < (níos lú ná), > (níos mó ná), = (is ionann ... agus) lárnach don fhoghlaim sa réimse seo freisin. Bainimid úsáid agus ciall go rialta as siombailí sa domhan mórthimpeall orainn, m.sh., *siombailí ar léarscáileanna*, *siombailí tráchta*, *treoracha níocháin*, *teicneolaíocht*, *ceol*, *siombailí gramadaí*, *srl*. Tá sé tábhachtach go bhforbróidh páistí feasacht ar an ngaol idir uimhreacha agus na rialacha a bhaineann le hoibríochtaí (suimiú, dealú, iolrú, roinnt). Ligeann sin dóibh a bheith solúbtha agus éifeachtúil nuair a bhíonn fadhbanna á réiteach agus iad ag obair le huimhreacha. Is scil úsáideach é a bheith in ann ráitis ghinearálta a dhéanamh faoi rialacha a bhaineann le gach uimhir, idir bheag agus mhór, agus foghlaimíonn páistí faoin scil sin sa réimse seo. Mar shampla, is féidir leo achar dronuilleoige a aimsiú níos éasca má tá a fhios acu faoin gcoibhneas idir achar, leithead agus fad (achar = fad x leithead). Trí fhoghlaim sa réimse seo, forbraíonn páistí tuiscint ar conas fadhbanna a bhaineann le sloinn agus cothromóidí a léirmhíniú, a chur in iúl agus a réiteach, rud a sholáthraíonn bonn láidir dá gcuid foghlama san ailgéabar.

### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM




- Béim a leagan agus plé a dhéanamh ar úsáid siombailí/pictiúr/siombailí litreach sa bhaile/sa cheantar áitiúil, agus cad a léiríonn siad, m.sh., *treoracha níocháin, ar réamhaisnéis na haimsire, comharthaí bóthair*.
- Agus tú ag pleanáil le haghaidh béilí nó ag déanamh do liosta siopadóireachta, tabhair ar do pháiste cabhrú leat cainníochtaí agus costais ghaolmhara a ríomh, m.sh., *an dteastaíonn builín aráin amháin nó dhá cheann uainn don tseachtain? Cén costas a bheidh air seo? An bhféadfaimis builín amháin aráin agus pacáiste amháin d'fhillteoga a cheannach, b'fhéidir? An gceannóimid 2 channa mhóra pónairí, nó ilphacáiste de channaí beaga?*
- Imir 'Cleasa Draíochta' le do pháiste a bhaineann le hoibríochtaí (+, -, x, ÷) a chur i bhfeidhm ar uimhir rúnda, m.sh., *smaoinigh ar uimhir idir a haon agus a deich, méadaigh faoi dhó í, méadaigh faoi dhó arís í, bain an uimhir bhunaidh, roinn faoi 3 í, cuir 2 léi, bain an uimhir bhunaidh arís. An ionann an freagra agus 2?* Tabhair dúshlán do do pháiste teacht suas lena gcuid cleas féin.
- Iarr ar do pháiste fadhbanna a dhéanamh suas bunaithe ar a bhfeiceann siad timpeall orthu. Tabhair dóibh do fhreagra agus ansin athraigh róil ionas go gcruthóidh tú roinnt scéalta focal dóibh lena réiteach, m.sh., *tá 5 nóta agam i mo sparán agus 6 bhonn. Cé mhéad airgid a d'fhéadfadh a bheith agam?*
- Roinn uaireanta le do pháiste nuair a d'fhéadfadh go mbeadh gá le sloinn agus cothromóidí a úsáid chun rudaí a oibriú amach sa ghnáthshaol, m.sh., *nuair a bhíonn tú ag oibriú amach cé mhéad a chosnódh sé imeacht a eagrú cosúil le cóisir lae breithe do x aoi, chun oibriú amach cé mhéad péinte le ceannach má phéinteálann tú seomra nó cé mhéad pacáistí tíleanna le ceannach má tá tíleanna nua á gcur ar an urlár.*
- Plé a dhéanamh ar úsáidí praiticiúla feidhmeanna a d'fhéadfadh go dtabharfadh páistí aghaidh orthu, m.sh., *agus tú ag íoc as tacsaí, is gnách go ríomhtar an táille trí mhuirear tosaigh móide méid áirithe in aghaidh an chiliméadair nó an nóiméid a chur leis.*




### LEABHAIR

- *Dinosaur Deals*, Stuart J. Murphy, 8+ mbliana d'aois
- *Ready, Set, Hop!*, Stuart J. Murphy, 8+ mbliana d'aois
- *Safari Park*, Stuart J. Murphy, 8+ mbliana d'aois
- *The Sneetches and other stories*, Dr. Seuss, 8+ mbliana d'aois

**Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt*

### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Puzail agus gníomhaíochtaí a bhaineann le húsáid spraíúil uimhreacha agus siombailí, m.sh., *Sudoku (uimhreacha agus siombailí), Dingbats, gníomhaíochtaí 'Bris an Cód'*.
- Cluichí dúradán, m.sh., *roghnaíonn imreoir a haon 3 nó 4 dhúradán agus scríobhann sé slonn ag baint úsáid as na huimhreacha ar na dúradáin. Caithfidh imreoir a dó ansin dúradáin oiriúnacha a aimsiú a ligfidh dóibh slonn eile a scríobh a bheidh cothrom le slonn imreoir a haon.*
- Cluichí cártaí, m.sh., *Níos Airde nó Níos Ísle, 25*.
- Cluichí cláir, m.sh., *Monopoly (bíonn ar imreoirí smaoineamh ar theaglaim nótaí chun íoc as réadmhaoin, cíos, srl.), Equate (cosúil le Scrabble)*.
- Cluichí comhaireamh síos (ar líne nó cluiche cláir).




## AG FOGHLAIM AR LÍNE


- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/

***Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne:** sloinn, cothromóidí, ailgéabar, foghlaim, bunscoil, matamaitic, siombailí, siombailí litreach, uimhir-abairtí, éagothromóidí, athróga, feidhmeanna, cluichí, gníomhaíochtaí*


## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Páistí a spreagadh chun líníochtaí a úsáid chun an méid a shamhlaíonn siad a léiriú agus fadhbanna á réiteach acu.
- Códscaoilteoirí, smísteoga, srl. a dhearadh ag baint úsáid as siombailí.
- Úsáid an tsiombalachais san ealaín a fhiosrú agus a phlé agus beathaisnéisí amhairc a chruthú díobh féin nó de dhaoine eile, m.sh., *léiríonn leabhar grá don léitheoireacht, léiríonn geansaí grá don spórt, srl.*
- Míniúcháin shiombalacha taobh thiar dá suaitheantas teaghlaigh, comharthaí náisiúnta amhail an chláirseach Éireannach nó iolar Mheiriceá, srl. a fhiosrú.
- Iarr ar na páistí puzal agus dubhfhocail a chruthú do dhaoine eile den teaghlach ag baint úsáid as siombailí agus luachanna atá ar lár.





## DO CHUID SMAOINTE FÉIN





Arna fhorbairt i gcomhar le **Lisa Walsh, Múinteoir Bunscoile, Co. Shligigh**